

IONSTRAIMÍ REACTÚLA

I.R. Uimh. 519 de 2022

RIALACHÁIN NA dTITHE (DEONTAS UM LEASÚCHÁN LUAIÐHE BAILE) 2022

RIALACHÁIN NA dTITHE (DEONTAS UM LEASÚCHÁN LUUIDHE BAILE) 2022

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hAlt 5 d'Acht na dTithe, 1966 (I.R. Uimh. 21 de 1966), arna leasú le hAlt 2 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992 (Uimh. 18 de 1992), Alt 6 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979 (Uimh. 27 de 1979), agus an tOrdú Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2020 (I.R. Uimh. 408 de 2020), déanaimse, Darragh O'Brien, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, leis seo na Rialacháin seo a leanas:

1. *Lua agus tosach feidhme*

(1) Rialacháin na dTithe (Deontas um Leasúchán Luaidhe Baile), 2022, is teideal do na Rialacháin seo.

(2) Tiocfaidh Rialacháin na dTithe (Deontas um Leasúchán Luaidhe Baile), 2022, i bhfeidhm ar an 1 Nollaig 2022.

2. *Cúlghairm*

Cúlghairtear leis seo na Rialacháin um Leasúchán Luaidhe Baile (Cúnamh Airgeadais), 2016 (I.R. Uimh. 56 de 2016).

3. *Léiriú*

Sna Rialacháin seo-

ciallaíonn "costas ceadaithe", maidir le hathsholáthar píobáin luaidhe agus feistis ghaolmhara, an costas arna mheas ag an údarás tithíochta a bheith mar chostas réasúnta a ghabhann leis na hoibreacha athraithe a dhéanamh nó mar fhíorchostas réasúnta a ghabhann leis na hoibreacha a dhéanamh, cibé acu is lú;

ciallaíonn "gnátháit chónaithe", maidir le pearsa aonair a dhéanann iarratas faoi na Rialacháin seo, go bhfuil cónaí ar an iarratasóir sa teach mar ghnátháit chónaithe;

tá na bríonna a tugadh dóibh in Alt 1 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988 le "rialaitheoir sonraí" agus "sonraí pearsanta";

ciallaíonn "Roinn" an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;

ciallaíonn "faisnéis" faoi na Rialacháin seo aon sonraí pearsanta nó faisnéis arna baint as na sonraí sin, a fhaigheann údarás tithíochta ó iarratas ó dhuine, chun críche íocaíocht an deontais faoi na Rialacháin seo amháin;

tá an bhrí a shanntar dó faoi Alt 2 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30 de 2007), mar a leasaíodh le "córas dáileacháin inmheánach";

ciallaíonn “gairmí tógála cláraithe” duine ar Ailtire iad ar an gclár arna chothabháil ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann faoi Chuid 3 den Acht um Rialú Foirgníochta, 2007; nó Innealtóir Cairte ar an gclár arna chothabháil ag Innealtóirí na hÉireann faoi Alt 7 den Acht um Institiúid Innealtóirí Sibhialta na hÉireann (Cairt a Leasú), 1969; nó Suirbhéir Tógála ar an gclár arna chothabháil faoi Chuid 5 den Acht um Rialú Foirgníochta, 2007;

ciallaíonn "an tAire" an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;

ciallaíonn "soláthróir uisce" aon duine a sholáthraíonn uisce atá beartaithe lena úsáid ag an duine.

4. *Deontas i dtreo na gcostas chun nochtadh ar luaidhe in uisce óil a laghdú*

- (1) Féadfaidh údarás tithíochta deontas a íoc le duine chun píobáin luaidhe agus feistis ghaolmhara atá laistigh de chóras dáileacháin inmheánach tí a athrú.
- (2) Ní rachaidh deontas faoi na rialacháin seo thar 100% de chostas ceadaithe na n-oibreacha, faoi réir uasmhéid deontais €5,000.
- (3) Ní íocfar deontas faoi na rialacháin seo i gcás ina mbíonn costas iomlán na n-oibreacha níos lú ná €750.
- (4) I gcás go n-íoctar deontas faoi na rialacháin seo, déanfaidh an tAire ranníocaíocht 100% den deontas a íoc leis an údarás tithíochta.
- (5) Féadfaidh an tAire treoirínite a eisiúint ó am go ham chuig an údarás tithíochta maidir le hoibriú na scéime deontais.

5. *Coinníollacha Breise*

Ní íocfar deontas faoi Rialachán 4 de na rialacháin seo mura mbeidh na nithe seo a leanas i gceist -

- (1) Beidh fianaise den ghá atá le píobáin luaidhe agus feistis ghaolmhara a athrú i dteannta an iarratais i bhfoirm:
 - (a) fógra ón soláthróir uisce ag tabhairt comhairle gur dócha go bhfuil píobáin luaidhe agus feistis ghaolmhara laistigh de chóras dáileacháin inmheánach an tí atá i gceist, nó
 - (b) teastas arna dhátú laistigh de na sé mhí díreach roimh dháta an iarratais ó shaotharlann atá creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú ag deimhniú luach paraiméadrach na luaidhe i soláthar uisce óil an tí atá i gceist, luach a sháraíonn an teorainn reachtaíochta 10µg/l, nó

(c) fógra ó ghairmí tógála cláraithe ag tabhairt comhairle go bhfuil píobáin luaidhe agus feistis ghaolmhara laistigh de chóras dáileacháin inmheánach an tí atá i gceist.

- (2) Tá cónaí ar an iarratasóir sa teach atá i gceist mar ghnátháit chónaithe;
- (3) Beidh admháil bhunaidh an mhéid iomlán a íocadh i dteannta an iarratais ar íocaíocht lena n-áireofar liosta miondealaithe de na hoibreacha a rinneadh agus na costais a bhaineann le gach mír;
- (4) Maidir leis an gconraitheoir/na conraitheoirí a dhéanfaidh na hoibreacha, tabharfar Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC) agus Uimhir Thagartha Cánach don údarás tithíochta nó asphrionta Ríomhimréitigh Cánach ó Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS), arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim chuig an gconraitheoir/na conraitheoirí;
- (5) Maidir leis an gconraitheoir a dhéanfaidh na hoibreacha nó, i gcás ina bhfuil níos mó ná conraitheoir amháin den sórt sin, caithfear deimhniúchán a sholáthar maidir le gach gné de na hoibreacha conraithe go bhfuil gach ábhar agus feisteas, lena n-áirítear píobáin, nó oiriúintí eile arna suiteáil i rith na n-oibreacha athraithe, ar cháilíocht agus caighdeán cuí agus go bhfuil siad oiriúnach do na himthosca a bhfuil siad á n-úsáid dóibh agus go bhfuil caighdeán chuí saoirseachta i bhfeidhm i gcaitheamh na n-oibreacha;
- (6) Chun críocha na Rialachán seo, ba cheart ábhar nó feisteas a shuiteáil don úsáid ar beartaíodh di é agus do na coinníollacha a úsáidfear dóibh é, lena n-áirítear ábhar nó feisteas:
- (a) a bhfuil comhartha CE cuí acu i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena ndéantar comhchuibhiú ar na coinníollacha do mhargú na dtáirgí tógála agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle;
- (b) atá i gcomhréir le caighdeán comhchuibhithe cuí nó le formheas teicniúil Eorpach;
- (c) atá i gcomhréir le Caighdeán Éireannach (C.É.), Teastas Bhord Agrément na hÉireann, Caighdeán Briotanach (B.S.) nó caighdeán comhionann Bhallstát de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE), a chuireann leibhéal coibhéseach cosanta agus feidhmíochta ar fáil.

6. Comhroinnt faisnéise

Ní fhéadfaidh Údarás tithíochta ag a bhfuil faisnéis, mar a shainmhínítear faoi na Rialacháin seo, faisnéis a chomhroinnt leis an Roinn ach d'fhonn teidlíocht chun an deontais a chinneadh i gcomhréir leis na Rialacháin seo.

7. Cumhachtaí na n-údarás tithíochta

Chun críocha bainteach leis na Rialacháin seo, féadfaidh údarás tithíochta na nithe seo a leanas a dhéanamh -

(1) táirgeadh taifid nó doiciméid ábhartha, nó iniúchadh orthu sin, a cheangal, agus

(2) scrúdú a dhéanamh ar aon oibreacha arna ndéanamh.

Arna thabhairt faoi mo Shéala Oifigiúil,

2022.

DARRAGH O'BRIEN.

An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den ionstraim an nóta seo ná níor cheart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Is iad na críocha a ndéantar na rialacháin seo dóibh ná chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Deontais um Leasúchán Luaidhe, i dtreo na gcostas chun píobáin luaidhe agus feistis ghaolmhara a athrú laistigh den chóras dáileacháin inmheánach tí, rud atá riachtanach chun sláinte an duine a chosaint trí nochtadh ar luaidhe a laghdú in uisce óil.

Cuirtear na rialacháin seo in ionad iadsan a tugadh isteach i 2016 agus leasaítear iad trí na critéir cháilitheachta chun cáiliú do dheontas faoin scéim a athrú.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2 (Teil: 01 - 6476834 nó 1890
213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN

PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.
